A-nois díolaim deachmhaidh Dhé

[Mhág Craith, Cuthbert: *Dán na mBráthar Mionúr* I, Dublin, 1967, poem 15]

Giolla Brighde Ó hEodhasa cct.

1 Anois díolaim deachmhaidh Dhé;
deacair leam a los uirré;
a rachuimhne gidh dleacht damh,
ceart ar n-athair-ne d’fhaomhadh.

2 Dlighim deachmhaidh mo shláinte
do Dhia a druim fhorbhfáilte;
ní a los neamhthoile, as díor damh
díol na deachmhoidhe a-dearar.

3 Go ndíolam - dia do thuigsi! -
gan doilgheas an deachmhoidh-si;
ní as sia nar thréigear a thol;
éigean re Dia ná dearnor.

4 Nar thuigear-sa mar threabhloid
m’anacair nó m’éigeanbhroid;
a Dhé, mar bhudh sláinte sin,
co mbé m’fháilte rem éigin.

5 D’á haithbhe nar fhagha sinn,
a-rís ná raibh im oirchill
acht díol, an uair as fhoigsi,
do bhuain díom sa deachmhoidh-si.

6 Más é mh’olc nar fhagha sionn
saoghal is sia ná a bhfuairsiom;
nar théarná leam, tar mo leas,
gidh énlá i gceann ar chaitheas.

7 Go bhfaghbhar mar fuaras air -
m’uilc ar amas an tsaoghail;
a ríoruire ná raibh leam -
míodhuille air do-fhuairseam.

8 Go gcongbha uaim san am-sa
domblas ae a holc gcodarsna,
an chruinne mar chongbhas uaim
somblas a duille dhiombuain.

9 Ná raibh leam, a Fhlaith nimhe,
an égcóir ná an oirbhire -
m’aos comhráithne san chruinne,
mo chombráithre críostuidhe.

10 Slán agaibh!  ní fhuicfe mé
ag sgarthain dúin is daoibhsi,
a shaoghail as shearbh dtoraidh,
a bhearn bhaoghail bhásamhail!

11 Do dhuille féin fógraim daoibh,
a bhrégaire an bhláith dhíomhaoin:
“tarr is commaoidh” - créd a shuim?
Do chommaoin re n-ég oruinn.

12 Beag bheireas caomh nó cara
uait a n-am na scarthana;
red lucht comtha ar ndeadhail deid,
orchra id deaghaidh ní dhlighid.